AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 614 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Laitvia

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 614 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Laitvia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ón gComhairle([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

1 IO L 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[3], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Laitvia caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[4], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad rochtain ar chaipiteal príobháideach, taighde agus nuálaíocht, oideachas agus scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht seo leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas [5]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[6], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin sé inti go bhfuil an Laitvia ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Laitvia 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón

---

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj.

4 COM(2023) 168 final.

5 COM(2024) 77 final.

6 COM(2023) 901 final.

gComhairle. Cuimsítear ann freisin an Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus ar Threoir 2011/85/AE maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[7]. Is iad cuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach, comhdhlúthú fioscach de réir a chéile mar aon le trí hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean fioscach struchtúrthach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sa phlean fioscach struchtúrthach meántéarmacha náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóirithiúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart go gcomhlíonann an chonair glanchaiteachais[8] sna pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263, lena n-áirítear na ceanglais an t-ollfhiachas rialtais a chur nó a choinneáil ar threo atá ag laghdú go hinchreidte faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó go bhfanfadh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % OTI, agus an t-easnamh rialtais a thabhairt agus/ nó a choinneáil faoi bhun an luach tagartha de 3 % OTI sa mheántéarma. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht a bparlaimintí náisiúnta a áirithiú, agus go ndéantar comhairliúchán le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go

---

7 Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

8 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn glanchaiteachas caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 30 Aibreán 2021, chuir An Laitvia a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Laitvia[9], a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú[10]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Laitvia. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 14 Bealtaine 2024, thíolaic an Laitvia a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus, an 30 Aibreán 2024, thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 ar an Laitvia[11] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Laitvia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Laitvia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[12], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Laitvia ó 4,6 % de OTI in 2022 go 2,2 % in 2023, agus d'ardaigh fiachas ginearálta an rialtais ó 41,8 % de OTI ag deireadh 2022 go 43,6 % ag deireadh 2023.

---

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Laitvia (10157/2021).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Laitvia (15569/2023).

11 SWD(2024) 614 final.

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[13] go ndéanfadh an Laitvia gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[14], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Moladh don Laitvia an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Laitvia freisin infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[15] forleathnaitheach, faoi 0,5 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. In 2023, chuir an príomhchaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) rannchuidiú fairsingiúcháin de 1,1 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas laghdaithe 0,4 % de OTI na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Dá bhrí sin, ní raibh rannchuidiú forleathnaitheach an ghlanchaiteachais reatha phríomha á mhaoiniú go náisiúnta in 2023 de thoradh na tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Ba iad méaduithe ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta ba chúis leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, ní raibh fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. In 2023, 1.5 % de OTI a bhí sa chaiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 3,3 % de OTI in 2023, is é sin laghdú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Laitvia infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sé infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe digitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail feithiclí leictreacha a cheannach don iompar poiblí, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh ilárasán agus airíonna gnó a fheabhsú, na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a nuachóiriú, rialachas ardán digiteach agus córas san earnáil phoiblí a lárú, scileanna digiteacha agus digitiú na bpróiseas i ngnólachtaí a fhorbairt, bonneagar leathanbhanda a fhorbairt chomh maith leis an digitiú a chothú in earnáil an

---

13 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia 2022 IO C 334, 1.9.2022, lch. 112.

14 Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 7,6 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Laitvia in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

15 Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an t-athrú bliantúil ar riocht foluiteach buiséadach an rialtais ghinearálta. Tá sé d'aidhm aige an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartas fioscach a mheasúnú, iad siúd atá maoinithe go náisiúnta agus iad siúd atá maoinithe trí bhuiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomha glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim (gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais san áireamh.

oideachais, a mhaoinítear den chuid is mó leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(12) Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomh-réamh-mheastacháin Chlár Cobhsaíochta 2024 mar a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,4 % in 2024 agus 2,9 % in 2025, agus tuartar gurb éard a bheidh i mboilsciú ICPT 1,6 % in 2024 agus 2,5 % in 2025. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta atá ann faoi bheartais reatha[16] i gClár Cobhsaíochta 2024 go 2,9 % de OTI in 2024 agus go dtiocfaidh laghdú air go 2,7 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiacha an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 45,2 % faoi dheireadh 2024 agus go 46,3 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,2 % de OTI in 2026, go 2,0 % in 2027 agus go 1,7 % in 2028. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI thar thréimhse an chláir. Dá réir sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir na fiacha rialtais ghinearálta agus OTI go 46,2 % de OTI in 2026, go dtiocfaidh méadú air go 48,8 % in 2027 agus go dtiocfaidh laghdú air go 48,2 % in 2028.

(13) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún go bhfásfaidh fíor-OTI le 1,7 % in 2024 agus le 2,6 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú ICPT ar 1,6 % in 2024 agus ar 2,0 % in 2025.

(14) Meastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún gur 2,8 % de OTI a bheidh in easnamh an rialtais in 2024, agus táthar ag súil leis go méadóidh cóimheas fhiachas ginearálta an rialtais-OTI go dtí 44,5 % faoi dheireadh 2024. In 2024, déanfar tionchar na bearta a bhaineann le fuinneamh a chéimniú amach go hiomlán faoin dheireadh 2023 a fhritháireamh trí chaiteachas breise ar mhéaduithe pá do mhúinteoirí agus don riarachán, maoiniú breise le haghaidh cúram sláinte agus oideachais, chomh maith le híocaíochtaí forlíontacha le pinsinéirí. Cuirfidh forbairt bonneagair theicniúil ar theorann na tíre le méadú ar chaiteachas infheistíochta poiblí. Le teacht isteach réamhíocaíochtaí cánach corparáide ón earnáil airgeadais, méadú ar na rátaí le haghaidh roinnt táirgí máil, íocaíochtaí díbhinne breise reachtaíochta ó fhiontair atá faoi úinéireacht stáit, tá coinne leis go bhfaighfear méadú measartha ar ioncam uathu sin. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach neodrach den chuid is mó ag 0,9 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,6 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiacha na Laitvia.

[16] Luaitear i gClár Cobhsaíochta 2024 go dtuartar de réir na mbeartas reatha go mbeidh an t-easnamh sa bhuiséid in 2025 0,5 % níos airde ná an sprioceasnamh sa Chlár. Ní chumhdaítear leis an gClár Cobhsaíochta aon sonraí maidir le bearta beartais le glacadh chun comhlíontacht le spriocanna easnaimh a áirithiú.

(16) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle[17] don Laitvia beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[18] in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 3,0 %. Agus a gcuid buiséad do 2023 á gcur i bhfeidhm agus a gcuid Dréachtphleanna Buiséadacha do 2024 á n-ullmhú, tugadh cuireadh do na Ballstáit é a chur san áireamh go gcuirfeadh an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle go n-osclófar nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnamh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, tuartar go dtiocfaidh méadú 4,9 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Laitvia a mhaoinítear go poiblí in 2024, caiteachas atá faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. 0,7 % de OTI in 2024 is é an caiteachas iomarcach sin thar an ráta fáis uasta a mholtar i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta. Mar sin féin, tá na meastacháin reatha ar ghlanchaiteachas in 2023 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an mholta (faoi 0,9 % de OTI). Ós rud é gur ceapadh an moladh le haghaidh 2024 mar ráta fáis, cuirtear an bhunéifeacht ó 2023 san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh freisin. Dá mbeadh an glanchaiteachas in 2023 mar an gcéanna leis an méid a measadh tráth an mholta, bheadh ráta fáis an ghlanchaiteachais in 2024 faoin ráta fáis a mholtar, faoi 0,2 % de OTI. San iomlán, déantar measúnú ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta mar chaiteachas go bhfuil an baol ann nach mbeidh sé go hiomlán i gcomhréir leis an moladh.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Laitvia gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Laitvia a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2023 ón gCoimisiún[19], meastar gurb é a bheidh i nglanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh éigeandála 1,0 % de OTI in 2023 agus 0,0 % de OTI in 2024 agus in 2025 araon. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 1,0 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear rannchuidiú crapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil[20] a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach 0,5 % de OTI sa bhliain sin. Meastar go ndéanfar na bearta éigeandála tacaíochta fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus

---

17 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Laitvia 2023 IO C 312, 1.9.2023, lch. 125.

18 Sainmhínítear glanchaiteachas príomhúil mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta atá glan (i) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) ar chaiteachas úis, (iii) ar chaiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

19 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

20 Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomhúil rialtais ghinearálta, glan ar (i) thionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) bhearta aonuaire, (iii) chaiteachas dífhostaíochta aonuaire agus timthriallach agus (iv) chaiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

in 2024. Tá an méid sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá an baol ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Laitvia infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi go 3,4 % de OTI in 2024, ó 3,3 % de OTI in 2023. Tá an méid sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(19) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 2,9 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú go 46,3 % ar an gcóimheas idir an t-ollfhiachas rialtais agus OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an méadú cóimheas fiachais-OTI in 2025 coigeartú dearfach sreafa stoic agus an easnaimh rialtais go príomha.

(20) Ioncam cáin na Laitvia mar sciar de OTI, tá sé go mór faoi mheán an Aontais, rud a chuireann teorainn leis an maoiniú le haghaidh seirbhísí poiblí, go háirithe cúram sláinte agus cosaint shóisialta. In 2022, laghdaigh an sciar d'ioncam cánach go dtí 30.3 % de OTI (40.2 % de OTI san Aontas), an leibhéal is ísle le 3 bliana anuas. Maidir leis na réimsí an chánachais nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás, go háirithe caipiteal agus maoin, tá an Laitvia fós faoi bhun mheán an Aontais. Tá ioncam ón gcáin ioncaim chorparáideach ag téarnamh de réir a chéile tar éis an cheartú anuas géar i ndiaidh athchóiriú 2018, an tráth céanna níl an t-athchóiriú cadastrach le haghaidh cánachas maoine chun a bheith i gcomhréir leis na luachanna margaidh atá ann faoi láthair glactha go fóill. Tugann an t-ioncam réasúnta íseal ó chánachas saothair, in ainneoin rátaí cánach réasúnta ard, le tuiscint go bhféadfaí ioncam ó chánachas saothair a mhéadú. Tá údar le hiarrachtaí leanúnacha chun comhlíonadh cánach a fheabhsú agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch a athrú ón scáthgheilleagar go dtí an geilleagar foirmiúil. Idir an dá linn, tá ráta ard bochtaineachta agus neamhionannais ioncaim fós ann sa Laitvia. I measc Bhallstáit an Aontais, is ag Laitvia atá ceann de na céatadáin is airde riosca daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta, ceann de na rioscaí is airde bochtaineachta do sheanóirí, chomh maith le cuid de na pinsin is ísle i gcomparáid le tuarastail. Thairis sin, tá neamhionannas ioncaim fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Ilroinnt na tacaíochta sóisialta ar an leibhéal cathrach, caighdeán íseal agus infhaighteacht theoranta na tithíochta sóisialta atá ann cheana chomh maith le difríochtaí suntasacha socheacnamaíocha sna réigiúin, leanfaidh siad de dhúshláin a chruthú don eisiaimh shóisialta agus do mhargadh an tsaothair. Leanann an caiteachas poiblí ar chúram sláinte sa Laitvia ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, rud a fhágann go bhfuil ardleibhéal riachtanas nach bhfuiltear ag freastal orthu maidir le cúram sláinte agus torthaí sláinte ísle. Le blianta beaga anuas, tháinig méadú sealadach ar chaiteachas poiblí ar chúram sláinte agus tacaíocht shóisialta i bhfianaise tacaíocht éigeandála le linn na paindéime chomh maith le liúntais buiséid bhreise eile ar bhonn *ad hoc*. Mar sin féin, beartaítear i mbuiséad 2024 go dtitfidh caiteachas rialtais ghinearálta ar chúram sláinte go dtí an leibhéal a bhí aige in 2020 (4,7 % de OTI) agus go dtitfidh caiteachas ar chosaint shóisialta faoi bhun leibhéal 2020 (12,4 % de OTI beartaithe in

2024, i gcomparáid le 13,3 % in 2020). Beartaítear le pleananna meántéarmacha laghdú níos mó i gcaiteachas poiblí ar chúram sláinte, a bheadh ag 4,1 % de OTI in 2028, agus tá coinne go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar chaiteachas poiblí ar chosaint sóisialta go dtí 13,8 % de OTI in 2028.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a luaithe a ghlacfar í, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Laitvia leis an aistriú glas agus an leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Laitvia leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, tá sé de cheanglas ar an Laitvia gach clár a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, chomh maith lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Laitvia maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, tá dúshláin ann fós agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha fós ann idir an phríomhchathair Ríge agus an chuid eile den Laitvia, go háirithe Latgale san oirthear. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sa chlár ábhartha i gcónaí. Tá sé tábhachtach tacú le cumas na ngnólachtaí dul i mbun nuálaíochta agus digitiú chun cur le táirgiúlacht. Is tosaíocht i gcónaí é tacú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh agus i ngnólachtaí. Tá sé chomh tábhachtach céanna go n-áiritheofar rochtain thráthúil chomhionann ar sheirbhísí sláinte agus bhonneagar ar ardchaighdeán, ar sheirbhísí sóisialta, lena n-áirítear an tithíocht shóisialta, agus leanúint den aistriú chuig maireachtáil neamhspleách agus chuig cúram pobalbhunaithe. Is tosaíochtaí i gcónaí iad gníomhachtú, athsciliú agus uas-sciliú daoine dífhostaithe agus cur le rannpháirtíocht ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair. Ba cheart go leanfar de chaighdeán agus uilechuimsitheachas an oideachais a fheabhsú in éineacht leis an daonra fásta a uas-sciliú agus a athsciliú. I gcomhthéacs athbhreithnithe meántéarma ar chláir beartais chomhtháthaithe agus éagothromaíochtaí réigiúnacha, is fiú breithniú sonrach a dhéanamh ar na éagothromaíochtaí réigiúnacha atá ann cheana agus leibhéal leormhaith infheistíochta a áirithiú i réimse na díthe ábharthaí (lena n-áirítear cúnamh bia agus cúnamh ábhartha). D'fhéadfadh an Laitvia an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a úsáid chun tacú le claochlú na tionsclaíochta, agus fócas ar an bhfuinneamh cliste agus in-athnuaite (e.g. páirceanna fuinneamh gaoithe amach ón gcósta) áit a bhfuil suim ó infheisteoirí idirnáisiúnta ann, chomh maith le bithgheilleagar agus biteicneolaíocht dhlútheolais.

(23) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an Rómáin a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, ganntanais oibrithe agus scileanna, agus an aistriú chuig fuinneamh glan agus chuig geilleagar glas.

(24) Ag 14,9 % de OTI in 2022, tá an infheistíocht ghnó sa Laitvia beagán faoi bhun leibhéal na hEastóine de 16,5 % de OTI agus beagán os cionn an 13,1 % sa Liotuáin. Mar sin féin, d'fhan leibhéil na hinfheistíochta príobháidí ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, ar fiú 0,5 % le 5 bliana anuas i gcomparáid le meán an Aontais arbh é 3,5 %. Tugann torthaí Suirbhé Infheistíochta BEI 2023 le tuiscint go bhfuil tionchar ag na nithe seo ar infheistíocht phríobháideach: éiginnteacht ard, easpa infhaighteachta oibrithe oilte agus costais fuinnimh arda. In 2023, bhraith 77 % de ghnólachtaí Laitviacha go raibh rialacháin ghnó ina mbacainn fhadtéarmach ar infheistíocht, agus is é ceann de na céatadáin is airde san Aontas. Thairis sin, bhí iasachtú bainc lag, rud atá ina bhacainn breise ar infheistíocht ghnó. Tá sé an-deacair ag fiontair bheaga agus mheánmhéide creidmheas a fháil. Is mar gheall ar riosca creidmheasa níos airde a bhaineann leis sin, i bpáirt, ach chomh maith leis sin mar gheall ar chostas ard creidmheasa, ar cheanglais dhiana chomhthaobhachta agus ar an ualach riaracháin. Tá an earnáil baincéireachta dírithe, rud a fhágann go bhfuil iomaíocht lag idir bainc, agus is é sin ceann de na fachtóirí taobh thiar de ráta úis arda. Iarrachtaí leanúnacha chun iomaíocht san earnáil baincéireachta a mhéadú, lena n-áirítear trédhearcacht níos mó a bhaint amach maidir le rátaí úis agus costais eile a bhaineann le hiasachtaí, rachadh sin chun sochair na gníomhaíochta iasachtaithe sa mheántéarma. Thairis sin, d'fhéadfadh scéimeanna iasachtaithe poiblí agus nó scéimeanna ráthaíochta le haghaidh réimsí infheistíochta a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, mar shampla an t-aistriú glas agus an fhorbairt réigiúnach, iomaíocht éifeachtach a mhéadú sa mhargadh baincéireachta. Ina theannta sin, maidir le cur le hinfhaighteacht foinsí maoinithe nach mbaineann le baincéireacht, bheadh sé cabhrach don infheistíocht ghnó. B'fhadhb sheanbhunaithe í an scáthgheilleagar don timpeallacht ghnó, a chuireann bac ar infheistíocht, ar fhorbairt scileanna agus leo sin ar an iomaíochas fadtéarmach. Dar le heagraíochtaí gnó Laitviacha, saobhann sé an iomaíocht agus spreagann sé gnólachtaí le fanacht beag. Thairis sin, is mórbhacainní iad leitheadúlacht an scáthgheilleagair agus cláir chomhardaithe laga chuideachtaí ar iasachtaí níos airde do ghnólachtaí, dar le bainc na Laitvia.

(25) Tá ganntanais oibrithe agus scileanna ag méadú sa Laitvia. In éineacht le dúshláin dhéimeagrafacha agus meath ar a ndaonra in aois oibre, cruthaíonn sé sin dúshlán d'iomaíochas na tíre. In 2023, ba sna réimsí seo a leanas a bhí na ganntanais saothair ba mhó: eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM), earnálacha atá an-ábhartha maidir le gnóthachain táirgiúlachta, agus leis an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach freisin. Faoi 2030, tá coinne leis go mbeidh na ganntanais is suntasaí san innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil, san eolaíocht, matamaitic agus TF. Ina theannta sin, maidir le cúram sláinte agus sóisialta, tá ganntanas sa Laitvia go fóill. Luann 91 % de chuideachtaí Laitviacha easpa saothair oilte mar bhacainn ar infheistíocht, atá os cionn mheán an Aontais arbh é 81 %. Tá an sciar íseal de chéimithe sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus san eolaíocht, agus an ganntanas taighdeoirí sna réimsí sin dá bharr, ar cheann de na príomhbhacainní atá roimh acmhainneacht taighde agus nuálaíochta na Laitvia a neartú, go háirithe san earnáil phríobháideach. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun feabhas a chur ar dul chun cinn iomaíochas na tíre, chomh maith le borradh a chur faoin aistriú digiteach agus glas, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann, atá ailínithe le hathruithe ar riachtanais an mhargaidh

saothair, agus bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Cé go bhfuil an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint níos solúbtha agus níos tarraingtí a bhuí leis na hathchóirithe a rinneadh le déanaí, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun an tairiscint oiliúna a nuachóiriú agus a fheabhsú. Chun eas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe ag daoine ar bheagán oiliúna agus sna réigiúin.

(26) Tá ceann de na sciartha is airde d'fhuinneamh in-athnuaite san Aontas ag an Laitvia. Tá sé sin inchurtha den chuid is mó i leith an táirgeadh cumhachta ó ghléasraí hidreafhuinnimh agus úsáid ard bithmhaise, go príomha in earnáil an téimh. Tá deis ann meascán fuinnimh na tíre a éagsúlú tuilleadh. In 2022 agus 2023, tháinig méadú ar thoilleadh suiteáilte le haghaidh grianfhuinnimh nó cumhacht gaoithe, ach fanann na toillte sin go mór faoi bhun na leibhéil atá suiteáilte san Eastóin agus sa Liotuáin araon. Chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh den tomhaltas fuinnimh deiridh a mhéadú sa tír, bhainfeadh an Laitvia tairbhe go háirithe as leas a bhaint as an ngrianfhuinneamh agus cumhacht gaoithe, agus as méadú a dhéanamh ar tháirgeadh ó na foinsí sin. Cé go bhfuil roinnt gníomhú teoranta pleanáilte faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá gá le hiarrachtaí breise chun na bacainní atá fós ann a bhaint maidir le ceadanna a dheonú chun saoráidí giniúna cumhachta gréine agus gaoithe a thógáil nó a shuiteáil. Thairis sin, d'fhéadfadh an Laitvia gníomhú níos mó chun solúbthacht ar thaobh an éilimh a chur chun cinn, amhail an stóráil fuinnimh a bheith faoi úinéireacht na tomhaltóirí deiridh agus rannpháirtíocht tomhaltóirí in acmhainní fuinnimh dáilte agus i seirbhísí cothromúcháin agus solúbthachta. D'fhéadfadh sí róil a shainmhíniú le haghaidh roinnt rannpháirtithe sa mhargadh fuinnimh, amhail comhbhailitheoirí éilimh ar mionscála. Ar bhonn leithligh, tá iarratais ar cheadanna maidir le nascacht eangaí le haghaidh saoráidí giniúna fuinnimh in-athnuaite i bhfad níos mó ná acmhainneacht infhaighte an ghréasáin leictreachais, agus is é sin an fáth gur cuireadh stop le ceadanna nua a eisiúint ó bhí Iúil 2023 ann. Léiríonn sé sin go bhfuil deis ann le haghaidh tuilleadh gníomhaíocht rialála.

(27) Is gá dlús a chur leis an dul chun cinn atá déanta ag an Laitvia i dtreo geilleagar ciorclach chun spriocanna an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach a bhaint amach. Tá táscairí fás eacnamaíoch inbhuanaithe faoi bhun mheán an Aontais agus tá méadú ag teacht ar lorg amhábhair na tíre. Is meánfheidhmitheoir í an Laitvia maidir leis an éicea-nuálaíocht agus bhainfeadh sí tairbhe as dlús a chur le cur chun feidhme samhlacha gnó ciorclacha agus as cur le hinfheistíocht san éicea-nuálaíocht chun éifeachtúlacht acmhainní agus iomaíochas a mhéadú. Tá dul chun cinn déanta ag an Laitvia maidir lena córas bainistithe dramhaíola, ach is chuig láithreáin líonta talún a théann níos mó ná leath dá dramhaíl chathrach.

(28) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Laitvia, cuidíonn moltaí (1), (2). (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh an tríú moladh agus an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Laitvia in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean fioscach-struchtúrach meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le ceanglais an Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an

bhfás i nglanchaiteachas[21] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an easnamh rialtais ghinearálta a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus an t-ollfhiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama go meántéarmach. Cánachas a leathnú, lena n-áirítear caipiteal agus maoin, agus leordhóthanacht an chúraim sláinte agus na cosanta sóisialta a neartú.

2. Leanacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a áirithiú go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus chun aghaidh a thabhairt ar na éagothromaíochtaí agus na neamhionannais réigiúnacha atá fós ann agus na deiseanna a chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó tríd an ualach riaracháin agus rialála do ghnólachtaí a laghdú agus trí rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a fheabhsú, lena n-áirítear trí scéimeanna iasachtaithe phoiblí agus scéimeanna ráthaíochta lena ndírítear ar infheistíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus trí cur leis an iomaíochas sna margaí airgeadais. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe agus scileanna, go háirithe in ETIM agus i speisialtóireachtaí eile a bhfuil gá leo le haghaidh an aistrithe ghlais agus an an aistrithe dhigitigh, agus sna hearnálacha sóisialta agus cúraim sláinte freisin, lena n-áirítear tríd an uas-sciliú agus an athsciliú spriocdhírithe.

4. Dlús a chur le fuinneamh gaoithe agus gréine a chur in úsáid trí nósanna imeachta deonta ceadanna a fheabhsú agus solúbthacht taobh an éilimh a chur chun cinn. An t-aistriú go dtí geilleagar ciorclach a chothú tríd an éicea-nuálaíocht agus trí chleachtais inbhuanaithe bainistithe acmhainní.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[21] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.